Innealtóiri Éireann - Corcaigh & An Roth

Lugh Lámhfhada, Nuadha Airgeadlámh agus Clann Tuireann: innealtóireacht agus draíocht in Éirinn fadó.

Eolas faoin ócáid:

Ins an léacht (greannmhar?) seo déantar iarracht míniú buile innealtóireachta a thabhairt ar eachtraí—a bhfuil an draíocht tríotha go tiubh—a deirtear sa bhéaloideas a thárla timpeall 2000 bliain riomh Chríost, le linn tréimhsí na nArd Ríthe Eochaidh Mac Eirc (an rí deireannach de threibh na Fir Bolg) agus Breas Mac Ealathain, Nuadha Airgeadlámh agus—an duine is cáiliúla ar fad—Lugh Lámhfhada. Bhí an triúr deireannach sin i réim nuair a bhí ceannas na hÉireann ag na Tuatha Dé Danann, cé nár bhain ach Nuadha leosan go hiomlán. D'fhág Lugh a shéala orainn go buan, óir is uaidh a ainmnítear Mí Lúnasa agus Contae Lú, agus óna athair, Cian Mac Cáinte, a ainmnítear cnoc gar do Dhún Dealgan. Eisean a bhunaigh Cluichí Tailteann agus tá said ar siúl go fóill do pháistí scoile.

ENGINEERS IRELAND
cork

Dáta: 13ú Nollaig, 2011

Am: 19:00 (Tae agus caifé ó 18:30)

Láthair: Óstán Pháirc Bhaile an Róistigh, Corcaigh

Teagmháil: Seamus MacRoibín, coiste Chumann na nInnealtóirí, Corcaigh (chairman@engineersirelandcork.ie)

Faoin léachtóir – Rugadh Annraoi de Paor i bPort Láirge i 1940. Fuair sé na céimeanna BE, PhD agus DSc ó Ollscoil na hÉireann (trí UCD) agus MSc ó Ollscoil Chalifornia i mBerkeley. Chaith sé 42 bhliana ina acadóir lán-aimseartha, 36 acu sin ina lán-Ollamh. Chuaigh sé ar scor ó UCD ag deireadh Lúnasa, 2005, ach tá taighde agus léachtóireacht ar siúl aige i gcónaí. Stiúraigh sé na céadtha scoláirí do na céimeanna BE, MEngSc agus PhD agus bhí sé ana ghafa le léachtóireacht i gcónaí. Déanann sé taighde bunúsach sa Teoiric Ríalúcháin, Innealtóireacht Bithleighis agus Fuinneamh Inathnuaite. (Ní thig leis stad mar, i gcónaí bíonn lá eile ag an bPaorach, mar adeir an seanfhocal). Chomh maith le lear mór de altanna léannta ar chúrsaí taighde, agus téacsleabhar ar Rialúchán agus Dinimic, tá trí leabhair i nGaeilge scríofa aige agus foilsithe ag Coiscéim—úrscéal amaideach bunaithe ar an saol acadúil i 1985 (Buan ar Buairt), aistriúchán ón Slóvaicis ar leabhar faoin laoch mór Slóvaiceach, Alexander Dubček i 1997 (Dubček, faoi cháil is faoi scáil), agus aistriúcháin go Gaeilge ar dánta cáiliúla ón mBéarla i 2002 (Beirt Mhairnéalach). Is eisean an Stiúrthóir ar Dhaonscoil na Mumhan, an Scoil Shamhraidh is sine in Éirinn (ar an bhfód gan bhriseadh ó 1953), a dhéantar a thionóil i nGaeltacht na nDéise, Rinn Ó gCuanach, ar feadh seachtaine gach Lúnasa. Is Déiseach go smior é agus leantóir dílis de iománaithe agus foireann sacair Phort Láirge.